



Hold Hands





Discuss Why
& Because?

HOW TO BE SAFE IN A SWIMMING POOL

1. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
2. The lifeguard is there to help keep us safe.
3. We always use the ladders and steps.
4. We only walk in the swimming pool and do not run.
5. We only go into the deep end with our adult.
6. We play safely and take turns.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN SA LINN SNÁMHA

1. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhímid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.
2. Tá an garda tarrthála ann chun cabhrú le sinn a choinneáil slán.
3. Bainimid úsáid i gcónaí as na dréimirí agus as na céimeanna.
4. Nuair a bhímid ag an linn snámha, ní bhímid ag rith. Bímid ag siúl.
5. Ní théimid isteach sa cheann domhain ach amháin nuair a bhímid in éineacht lenár nduine fásta.
6. Bímid slán sábháilte agus sinn ag súgradh agus déanaimid babhtáil ar a chéile.



Hold
Hands





Discuss Why
& Because?

HOW TO BE SAFE AT THE BEACH

1. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
2. We always swim between the red and yellow flags.
3. We always stay close to the shore.
4. We wear sunscreen and a hat.
5. We always make sure that our adults can see us.
6. We do not follow our toys if the wind blows them away.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN AG AN TRÁ

1. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhíimid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. **Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.**
2. Ní théimid ag snámh ach amháin sa chuid atá marcáilte ag na bratacha buí agus dearga.
3. Fanaimid gar don chladach i gcónaí.
4. Caithimid hata agus sciath ghréine.
5. Déanaimid cinnte i gcónaí gur féidir lenár ndaoine fásta sinn a fheiceáil.
6. Ní leanaimid ár mbréagáin má shéideann an ghaoth ar shiúl iad.



Hold Hands





Discuss Why
& Because?

HOW TO BE SAFE AT THE LAKE

1. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
2. Stay away from edges, don't get too close when walking.
3. If there is a lifeguard, we swim close to him or her.
4. Lakes can get deep quickly, always stay close to the shore.
5. We always make sure that our adults can see us.
6. We do not follow our toys if the wind blows them away.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN AG AN LOCH

1. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhímid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. **Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.**
2. Fan amach ó bhruach an locha agus ná bí ag siúl gar dó.
3. Má tá garda tarrthála thart, fanaimid gar dó agus sinn ag snámh.
4. Is féidir le lochanna a bheith fíordhomhain in áiteanna. Fan gar don chladach i gcónaí.
5. Déanaimid cinnte i gcónaí gur féidir lenár ndaoine fásta sinn a fheiceáil.
6. Ní leanaimid ár mbréagáin má shéideann an ghaoth ar shiúl iad.



**Hold
Hands**





Discuss **Why**
& **Because?**

HOW TO BE SAFE AT HOME

1. Find the water around the house - **Bath, Sink, Barrels, Bucket, Pond, Paddling Pool**
2. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
3. Make sure an adult is watching us in baths.
4. Make sure an adult is watching us in paddling pools.
5. Don't let them leave you alone!
6. We play safely and take turns.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN SA BHAILE

1. Aimsigh na háiteanna go léir timpeall an tí a bhfuil uisce iontu - **Folcadán, Doirteal, Bairillí, Buicéad, Lochán, Linn Lapadaíola**
2. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhímid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. **Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.**
3. Bímis cinnte go bhfuil duine fásta ag faire orainn agus sinn i mbun ár bhfolctha.
4. Bímis cinnte go bhfuil duine fásta ag faire orainn agus sinn sa linn lapadaíola.
5. Ná lig dóibh sibh a fhágáil in bhur n-aonar!
6. Bímid slán sábháilte agus sinn ag súgradh agus déanaimid babhtáil ar a chéile.



Hold Hands





Discuss **Why**
& **Because?**

HOW TO BE SAFE AT THE FARM

1. Find the water around the farm - **Slurry pits, Drinking troughs, Buckets and Barrels, Deep puddles, Lakes and Ponds, Stream**
2. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
3. Farms are not a good place for swimming/getting wet!
4. We always make sure that our adult is watching us on the farm.
5. Stay away from edges, don't get too close.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN AR AN BHFEIRM

1. Aimsigh na háiteanna go léir timpeall an tí a bhfuil uisce iontu - **Claiseanna sciodair, Trachanna uisce, Buicéid agus Bairillí, Poill uisce dhoimhne, Lochanna agus Locháin, Sruthanna**
2. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhímid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. **Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.**
3. Ní maith an áit an fheirm le haghaidh dul ag snámh ná dul isteach san uisce!
4. Déanaimid cinnte i gcónaí go bhfuil duine fásta ag faire orainn agus sinn ar an bhfeirm.
5. Fan amach ó chiumhaiseanna agus ná bí ag siúl gar dóibh.



Hold Hands



Gelato

ATTENZIONE



Discuss **Why**
& **Because?**

HOW TO BE SAFE ON HOLIDAYS

1. Even on holidays, water can still be dangerous.
2. We only go near water with an adult, never without them. **Remember: Hold Hands.**
3. Make sure an adult is watching us.
4. We wear sunscreen and a hat.
5. Prompt to revise all topics before summer holidays.

Déan plé ar
Cén fáth & Mar?

CONAS A BHEITH SLÁN AGUS TÚ AR SAOIRE

1. Bíonn dul isteach san uisce fós contúirteach, fiú amháin agus tú ar laethanta saoire.
2. Ní théimid isteach san uisce ach nuair a bhímid i dteannta duine fásta. Ní théimid isteach ann choíche gan an duine sin. **Cuimhnigh: Beir greim láimhe ar a chéile.**
3. Bímis cinnte go bhfuil duine fásta ag faire orainn.
4. Caithimid hata agus sciath ghréine.
5. Cuir i gcuimhne dóibh dul siar ar gach ábhar roimh laethanta saoire an tsamhraidh.

